Comhairle Contae Chiarraí

Leabharlann Chiarraí

Bain taitneamh as an Follasú

Leabharlann Ciarraí

Plean Forbartha 2007-2012

Glactha ag Comhairle Contae Chiarraí, 15 Deireadh Fómhair 2007

WALSH CONSULTANCY

Leabharlann Ciarraí
Plean Forbartha 2007-2012

Clár Lch.

1. Réamhrá 2

2. Leabharlann Ciarraí mar atá anois. 4

3. Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara 14

4. Athbhreithniú Leabharlann Ciarraí 26

5. Na 6 bliana atá romhainn: 2007-2012 38

Aguisín 1	Comhairliúcháin déanta	53
Aguisín 2	Téacs poiblíochta don Chomhairliúcháin Poiblí	55
Aguisín 3	Baill an Choiste Polasaí Straitéiseach	56
Aguisín 4	Buíochas	57
Aguisín 5	Eolas Teagmhála	58
Aguisín 6	Léarscáil Contae Chiarraí	

Is le Comhairle Contae Chiarraí cóipcheart an phlean seo.
Deimhnítear leis seo gurb é Aidan Walsh an t-údar de réir cearta morálta faoin
Copyright and Related Rights Act, 2000

www.aidanwalshconsultancy.com

1. Réamhrá

Cúlra

D'iarr Comhairle Contae Chiarraí ar Aidan Walsh Consultancy cabhrú leo chun Plean Forbartha Leabharlainne a scríobh Deireadh Fómhair 2006. Aontaíodh go mbainfeadh an Plean leis na bliana 2007 go 2012.

Is mian anois leis an gComhairle Plean Forbartha 6 bliana a scríobh don Leabharlann Chontae chun chur síos go beacht ar a stádas agus chun riachtanaisí a aithint don todhchaí.

Tugadh 21 lá don tionscnamh, idir chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, comhairliúcháin phoiblí agus dréachtaí a chur i láthair. Tar éis cruinnithe a tharla lár Deireadh Fómhair, cuireadh tús leis an obair Samhain 2006.

Ba é Aidan Walsh amháin a thug an tionscnamh seo air fhéin le déanamh. Níor tugadh aon chuid den obair seo ar conradh do chomhairleoirí eile.

Pleananna Forbartha Leabharlainne

Faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 caithfidh gach Leabharlann Chontae glacadh le cláracha oibrithe agus forbartha. Tá an clár leagtha amach faoin Acht, mar a leanas:

- Léargas ar an seirbhísí atá anois acu
- Aidhmeanna agus tosaíochtaí don todhchaí
- Conas mar a bhainfear amach iad
- Impleachtaí airgeadais an chláir san iomlán.

Ins an Plean seo do Leabharlann Ciarraí tá creat chun ár gcuid dualgaisí faoin Acht a comhlíonadh agus chun na seirbhísí a fhorbairt go straitéiseach le linn na tréimhse 2007-2012.

Modhanna oibre

Nuair a tharla an chruinniú thuasluaite leagadh béim go soiléir ar an dtábhacht a bhain le próiséas comhairleach a bheith leathan agus uileghabhálach. Níor mhór dul i gcomhairle leis an gComhairle, leis an bhfoireann agus leis an bpobal.

Ina theannta san lorgaíodh tuairimí ó mhóran eagraíochtaí a mbeadh páirt leasmhar acu san obair.

Tá achoimre ar thorthaí na bpróiséas seo go léir i gCaibidil 3. Ba luachmhar iad na torthaí san chun treoir a thabhairt don Phlean. Aontaíodh gurbh fhiú dul i gconhairle leo seo:

- Pobail ar a bhfuilimid ag freastal
- An Coiste Polasaí Straitéiseach do Phobal, Cultúr agus Turasóireacht
- Foireann Leabharlann an Chontae
- Foireann Sinsear sa Chomhairle Contae
- Eagraíochtaí leasmhara agus comhairleoirí polasaí

Tharla cruinnithe poiblí i dTrá Li, i gCill Áirne agus i gCathair Saidhbhín 4, 5 agus 6 Mí na Nollag 2006.

Fuair an Coiste Polasaí Straitéiseach do Phobal, Cultúr agus Turasóireacht mionteagasc ar dhul chun cinn 5 Mí na Nollag.

Fáiltíodh roimh fhoireann iomlán Leabharlann Ciarraí ag ceardlann a tharla 1 Samhain 2006, mar a míníodh misean agus aidhmeanna na Leabharlainne. Tháinig an fhoireann sinsear le chéile mar ghrúpa faoi dhó. Bhí deis chomh maith ag 10 ball foirne ar son grád agus pointí éagsúla seirbhíse moltaí a cur go díreach, tríd an r-phost, ag an gcomhairleoir.

Le cabhair ón gCoiste Pobail & Fiontair CCC, fuair an comhairleoir tuairisc ar chruinniú speisialta a tharla idir an Leabharlannaí Contae agus ionadaithe Comhairle na nÓg i gCiarraí.

Dréachtaí

Ullmhaíodh dhá dhréacht don Phlean seo. Leasaíodh an chéad ceann agus cuireadh leis chun é a chur faoi bhráid an CPS agus foireann sinsear na Leabharlainne.

Cuirfear an Plean Iomlán os comhair Comhairle Contae Chiarraí in am tráth nuair a bheidh sé réidh.

2. Leabharlann Ciarraí mar atá anois

Údaráis leabharlainne

Caithfear aon phlean forbartha mar seo a lonnú laistigh de chreat straitéiseach na Comhairle Contae, toisc gur seirbhís í an Leabharlann dá cuid. Tá sé stiúrthóireacht i gceist in obair na Comhairle, iad go léir ag freagairt don Bhainisteoir Contae. Freagraíonn an Leabharlann Contae don Stiúrthóir Tithíochta agus don Stiúrthóir Pobail & Fiontair, a bhíonn ag oibriú chomh maith tríd an Coiste Polasai Straitéiseach do Phobail, Cultúr agus Turasóireacht.

Seirbhísí nua –aimseartha

Leabhair a thabhairt ar iasacht an príomhchúram lárnach a bhíonn ar siúl ag leabharlanna poiblí i gcónaí. Sa lá atá inniu ann, áfach, bíonn i bhfad níos mó ar siúl acu seachas an méid sin. Is ionaid chultúrtha anois iad, a bhíonn ag plé leis an oidhreacht, leis na h-ealaíona agus le saol leathan na samhlaíochta.

Láthair shibhialta phobail is ea anois iad inar féidir taighde a dhéanamh ar stair áitiúil, nuachtáin a léamh agus ceol nó litríocht a chloisint ag ócáid phoiblí. Tá teacht saor in aisce ar an Idirlíon agus is áis riachtanach í seo don líon mór imirceach atá anois againn, líon atá de shíor ag méadú sa tír seo. Is féidir leo r-phost a chur abhaile agus a gcuid nuachtán náisiúnta féin a léamh. Tá áiseanna freisin iontu chun Béarla a fhoghlaim. Ni mór iad na láithreacha dá leithéid atá oscailte dos na pobail nua atá ag teacht chugainn ó thíortha eile.

Gearrchuntas stairiúil ar Leabharlann Ciarraí

Sa bhliain 2005 in Éirinn tharla comóradh 150 bliain mar gheall ar an Public Libraries Act 1855 a cheadaigh leabharlanna ag Bardais agus ag Comhairlí Baile.

Ghlac Comhairle Contae Ciarraí leis an Acht go gairid tar éis don tír neamhspleáchas a bhaint amach i 1925. Bunaíodh Coiste Leabharlainne don chéad uair i 1969. Sna blianta deireanacha bhí dhá Phlean Forbartha againn, ceann don tréimhse 1997-2001 agus an dara ceann 2002-2006.

Leibhéil cistí i gCiarraí

Maoinítear agus oibrítear Leabharlann Ciarraí tríd an gCoiste Polasaí Straitéiseach do Phobail, Cultúr agus Turasóireacht atá laistigh de Chomhairle Contae Ciarraí. Ba é an meastachán caiteachais don

bhliain 2006 ná €3 017 648[1] nó €22.77 in aghaidh an duine. Táimid sa 20ú áit as 28 údarás leabharlainne contae sa tír de réir an fhigiúir sin ach tá crot níos fearr ar an scéal má fhéachtar air mar chéadatán de chaiteachas iomlán na Comhairle. Ar an mbonn san caitear 2.7% den chiste iomlán ar leabharlanna agus tá an contae sa 10ú áit.

Caitear breis is 80% den €3 017 648 ar thuarastail agus ar chostaisí oibrithe ginearálta, ina measc san dhá Leabharlann Taistil, Veain Leabharlann Scoile agus Veain Seachadtha.[2] Caitear an chuid eile ar leabhair agus ar chostaisí iasachta. Tá acmhainní teoranta ina dhiaidh sin chun tacú le h-obair eile mar thaispeántaisi oidhreachta agus cláracha do dhéagóirí.

Tá €2.86 in aghaidh an duine leagtha síos ag Leabharlann Ciarraí le caitheamh ar leabhair nua le linn 2007. Is é an figiúir atá molta ar bhonn naisiúnta ná €3.27.

Bonneagar forbartha faoi láthair

Ta dul chun cinn an-mhaith déanta le blianta beaga anuas maidir le brainsí nua mar a leanas

- Cill Orglan – Leabharlann nua 2006 in áit ceann nua ó 1973
- Cill Áirne – Leabharlann nua (1980)
- Ceannáras/Trá Lí – foirgneamh nua (1983)
- An Daingean – athchóirithe (1985 & 1996)
- An Neidín – athchóirithe (2006)
- Baile an Bhuinneánaigh – athchóirithe (1990)
- Lios Tuathail – Leabharlann (1996)[2]

Caithfear a aithint go bhfuil bonneagar láidir forbartha i gCiarraí , rud a ligeann dúinn seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Mar is léir óna mbeidh ráite sa cháipéis seo, ta dúshlán romhainn feabhas a chur ar na seirbhísí céanna. Is chuige sin atá an Plean seo.

[1] Figiúiri na Comhairle Leabharlainne; ní áirítear cathracha mar Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach ná Port Láirge.

2 Ag seo na sonraí caiteachais; - tuarastail €2 054 500; obair ghinearálta €496 000; Ciste leabhar €400 000; Ciste scoile 100% ón Roinn Oideachais & Eolaíochta €68 000; don Chomhairle Leabharlanna €43 000; iasachtaí €140 000.

Seirbhís lárnach na Leabharlainne

Is é príomhaidhm na leabharlainne ná oideachas agus taitneamh a thabhairt don phobal trí leabhair a thabhairt ar iasacht. Ní léir an obair seo i gcónaí agus i measc na gnéithe éagsúla tá

- Roghnú leabhar, ordú, liostaí agus seachadadh
- Clubanna leabhar a fhorbairt
- Leabharliostaí molta a fhorbairt agus a sheachadadh
- Seirbhís idirleabharlanna d'iarrrataisí sa tír seo agus ar bhonn idirnáisiúnta
- Foireann agus coimeád in eagar ins na 9 leabharlann poiblí
- Dhá leabharlann taistil tríd an chontae
- Seirbhís Leabharlanna do Scoileanna Náisiúnta agus tacaíocht múinteoireachta da réir
- Seirbhís Léann Áitiúla agus Cartlainne
- Bailiúcháin a bhaineann le stair áitiúil a leathnú agus a chaomhnú
- Ceisteanna ó bhéal agus scríofa a fhreagairt
- Tacú le lucht taighde
- Cuairteanna eagraithe agus treoir don phobal aon áit a bhfuil seirbhís ar fáil
- Teacht ar an Idirlíon saor in aisce ins na brainsí go léir; an seirbhís seo a choimeád in eagar

Seirbhísí lárnacha ins na brainsí

Is tríd na mbrainsí agus tríd an gceannáras i dTrá Lí a chuirtear mórchuid na seirbhísi ar fáil. Is iad seo a leanas na 9 gcinn de bhrainsí ar fud an chontae:

- Baile an Bhuinneánaigh
- Cathair Saidhbhín
- Oileán Chiarraí
- An Daingean
- An Neidín
- Cill Airne
- Cill Orglan
- Lios Tuathail
- Trá Lí

I ngach aon bhrainse tá leabhair do pháistí agus d'aosaigh, leabhair ar diosca san áireamh, leabhair i gcló mór, bailiúcháin

thagartha, nuachtáin áitiúla agus laethúla, nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an Idirlíon, léann áitiúil agus teacht saor in aisce ar an Idirlíon. Go deimhin tá 250 nuachtán ar fáil ar shuíomh idirlín na Leabharlainne. Bíonn eolas, tacaíocht agus comhairle ar fáil do mhic léinn agus do lucht taighde.

Is féidir linn a bheith bródúil as an mbonneagar leathan nua-aimseartha atá againn i Leabharlann Ciarraí. Osclaíodh Leabharlann nuachóirithe sa Neidín Meitheamh 2006 agus ceann nua ar fad i gCill Orglan samhain 2006, mar chuid de thionscnamh tráchtála príobháideach laistigh d'Ionad Seirbhísí Ceantair.

Mar gheall ar bhruachbhailte i dTrá Lí a bheith ag leathnú amach i gcónaí tá scéim ar bun cheana féin chun fobhrainse spleách a thógaint i Seanchill/Móin an Bhealaigh. Meastar go gcosnódh sé seo €1.7 milliún agus tá cead ag an gCéad Chéim faighte ón gComhairle Leabharlanna. Caithfear smaoineamh ar a leithéid d'fhorbairt, áfach, sa chomhthéacs seo: (i) níl aon pholasaí ná ciste náisiúnta ann do bhrainsí mar seo (ii) bheadh tionchar acu ar sholáthar foirne; caithfear smaoineamh ar an mbac náisiúnta ar earcaíocht (2007) d'údaráis áitiúla.

Mar chuid d'Ionad Seirbhísí Ceantair tá brainse nua á thógaint in Oileán Chiarraí; tá súil againn é seo a oscailt deireadh na bliana 2007. Mí Feabhra 2007 fuaireamar cead ag an Dara Chéim brainse nua a lonnú mar chuid d'Ionad nua Oifigí Comhairle agus Ealaíon.

Beifear ag féachaint freisin ar fhorbairt do Ráth Mór, áit ar thainig méadú 14.7% ar an daonra ó 2002[3] agus atá anois ainmnithe ag Comhairle Contae Chiarraí mar bhaile nua.

[3] Daonáireamh 2006, Réamhthuairisc

Seirbhísi lárnacha ag an gCeannáras

Is sa Cheannáras atá an bailiúchán Léann Áitiúil agus Cartlann. Cuirtear leis seo trí cheannach nó trí bhronntanais. Le déanaí Fuaireamar:

- Mórleabhar cíosa de chuid Eastát Coltsman (Cill Airne agus Corcaigh) & Leabhar Cuntas de chuid Daniel Cronin Coltsman, An Pháirc, Cill Airne 1836-1851.
- Páipéir phearsanta a bhain le Fionán Ó Loinsigh,ó Kilmakerin Co. Chiarraí, a bhí gníomhach i 1916, iarAire agus iarBhreitheamh sa Chúirt Dúiche.
- Comhairle Contae Chiarraí, Cuntais Rannóg Ioncaim ina bhfuil 163 Leabhar Luachála a cuireadh ar ceal idir 1931-1977.
- Cuntais scoile 1873 ó Scoil Náisiúnta Caherleaheen Trá Lí
- Gníómhais Massy Stack ón 19ú aois maidir le tailte ag Ballyconry, Ciarraí.

Bíonn comhoibriú ar siúl idir an Leabharlann agus grúpaí áitiúla,tá nasc déanta againn go h-áirithe le Cumann Seandálaíochta is Staire Chiarraí, ag a bhfuil 600 ball ar fud an domhain agus a fhoilsíonn iris bhliantúil agus dialann.

Riartar an eagraíocht ón gCeannáras trí na rannóga seo a leanas:

- Riarachán Leabharlainne agus Cúntais
- Seirbhísi Léitheora atá freagrach as Brainsí, Leabharlanna Taistil agus Seirbhís Scoile
- Leabhair nua, Iarratais agus Seachadadh

Tá Brainse Thrá Li laistigh den Cheannáras chomh maith.

An Aois Leictreonach

Tá tábhacht le Leabharlann Ciarraí mar ionad taighde. Is féidir teacht anois go leictreonach ar ábhar taighde nach mbíodh ar fáil ach ins na stórais naisiúnta.

Tá na cúntais ar stair áitiúil á gcur ar chóras digiteach m.sh. cúntais ón mBord Caomhnóíri san 19ú h-aois déag á réiteach mar

thionscnamh i bpáirt le hOllscoil Quinnipac SAM.

Táimid páirteach i gcónaí sa tionscnamh "Ask About Ireland", acmhainn oidhreacht chultúrtha ar an Idirlíon. Cuireadh isteach eolas agus pictiúirí a bhain le h-oidhreacht Chiarraí. Faoi láthair táimid ag díriú isteach ar fhoinsí áitiúla do scoileanna náisiúnta.

Bhain an Leabharlann leas as tionscnamh Rialtais dar teideal Sochaí an Eolais chun seirbhísí idirlín agus ríomhphost, a bhfuil an-éileamh orthu, a cur ar fáil. Is féidir an Idirlíon agus cláracha Office a úsáid ins na brainsí; tá leathanbhanda i 7 gcinn acu agus beidh sé sa dá cheann eile le linn 2007.

Is féidir leabhar a lorg nó a fháil ar iasacht ar an idirlíon; tá an liosta iomlán ar fáil ann agus táthar ag súil le tuilleadh bunachar a sholáthar freisin.

2.10 Seirbhísí Taistil sa Chontae

Tá taisteal an chontae deacair go leor i gcomparáid le réigiúin eile mar gheall ar dhá leithinis agus tírdhreach an-éagsúil ar a bhfuil mórán bailte iargúlta. Tá dhá Leabharlann Taistil ag freastal ar an limistéar ar fad. Athbhunaíodh an tseirbhís 2001 agus fuarthas feithicil eile 2004.

Tagann athrú go rialta ar na stadanna de réir éilimh agus gá. Tá 70 láthair anois i gCiarraí, ag freastal ar 3500 ball, iad ar oscailt ar feadh breis is 60 uair a chloig.[4] Seo iad na sonraí:

Leabharlann Taistil 1 – Tuaisceart agus Iarthar Ciarraí

Ar oscailt don phobal; 32 uair 50 nóiméad Baill: 2890
Iasachtaí (Eanáir – Mí na Nollag 2006): 17 372

Bealach	Uaireanta
Bealach 1	3 uair 15 nóiméad
Bealach 2	2 uair 30 nóiméad
Bealach 3	3 uair 45 nóiméad
Bealach 4	5 uair 20 nóiméad
Bealach 5	3 uair 30 nóiméad
Bealach 6	3 uair 15 nóíméad
Bealach 7	3 uair
Bealach 8	4 uair 15 nóiméad
Bealach 9	4 uair 15 nóiméad
IOMLÁN	**32 uair 50 nóiméad**

Leabharlann Taistil 2 – Deisceart Ciarraí
Ar oscailt don phobal; 27 uair 35 nóiméad Baill: 588
Iasachtaí (Eanáir – Mí na Nollag 2006) 15 697

Bealach	Uaireanta
Bealach 1	2 uair 15 nóíméad
Bealach 2	2 uair 30 nóiméad
Bealach 3	2 uair 30 nóíméad
Bealach 4	3 uair 45 nóíméad
Bealach 5	4 uair 25 nóiméad
Bealach 6	4 uair
Bealach 7	2 uair
Bealach 8	2 uair 10
Bealach 9	4 uair
IOMLÁN	**27 uair 35 nóiméad**

[4] Leasófar na figiúirí seo mar gheall ar an dara veain; déanfar é seo laistigh de thimthriail athnuachana.

Is léir ós na táblaí thuas go bhfuil cuma an-mhaith ar na seirbhísí ó thaobh soláthair agus ballraíochta de agus ardmheas orthu dá réir.

Ní h-ionann is na brainsí tá na seirbhísí taistil saor in aisce. Is ag freastal ar áiteanna iargúlta atá siad. Ar bhonn náisiúnta léirigh suirbhé 2002 PLUS[5] gur mná iad 75% den bhallraíocht iontu (i gcomparáid le 66% i mbrainsí) agus go mbíonn a bhformhór meánaosta agus ag dul anonn in aois.

Seirbhís sóisialta is ea iad mar sin a oireann dóibh siúd nach dtaitheodh leabharlann de ghnáth. Le linn 2005-6 leathnaigh an tSeirbhís Taistil chomh fada le hIarthar Duibhneach agus go dtí bhruachbhailte mar Seanchill i dTrá Lí agus go dtí Pinewood/Baile Uí Spealáin/Woodlawn i gCill Airne. Tá sé i gceist dul go ceantair eile ar an gcuma céanna.

Tá an Leabharlann ag freastal freisin ar na 5 Ospidéal Ceantair agus ar Ionaid Cúraim Lae ar bhonn stór/bailiúchán.

2.11 Seirbhís Scoile

Tá seirbhís leabharlainne i ngach scoil náisiúnta, 144 acu, ar fud an chontae. Tá a feithicil féin aici agus amchlár atá oiriúnach dos na scoláirí; go deimhin ní mór an teagmháil a bheadh ag mórán acu le leabharlann gan a lethéid a bheith ar fáil ar an láthair scoile. Tá tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí sa stóras leabhar tagartha i dTrá Lí.

Maraon leis an Leabharlann Taistil, is seirbhís solúbtha for-rochtana í seo a chabhraíonn le dreamanna atá ar an imeall. Is minic a bhíonn an tseirbhís páirteach i gclubanna tráthnóna mar a ndéantar obair baile; tá géarghá lena leithéid in áiteanna.

2.12 Cláracha Cultúrtha

I dteannta na seirbhísí a bhfuil trácht thuas orthu, bíonn clár cultúrtha ag leathnú in aghaidh na bliana. Reachtáiltear ócáidí, léachtaí agus taispeántaisí i dtaca leo seo a leanas:

- Seachtain na Gaeilge
- Seachtain Náisiúnta Oidhreachta
- Féile Leabhar na bPáistí

[5] Eolas ón gComhairle Leabharlanna

- Seachtain Náisiúnta Eolaíochta
- Féile na Bealtaine
- Mí na gCartlanna
- Seachtain Leabharlann na hÉireann

Gné tábhachtach is ea ócáidí speisialta m.sh. Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail a bhfuil cáil náisiúnta uirthi. Is fíor go bhfuil an Leabharlann in ann tacú lena leithéid d'ócáid.

Le linn 2006, d'fhoilsigh Leabharlann Ciarraí Clár Gníomhaíochtaí trínar tharla breis is 100 léamh, taispeántas agus seoladh leabhar sa ghréasán ar fad, cuid acu ag éirí ar rannóga na Comhairle Contae mar Ealaíona agus Oidhreacht. Tá ciall le clár mar seo a stiúradh mar is chun leas an phobail ata sé.

Is éagsúil iad na h-imeachtaí a chuirimid ar siúl as ár stuaim féin. Is minic a bhíonn a leithéid seo ar siúl in aon bhliain amháin : ceardlanna ealaíne nó drámaíochta, ceadail, léachtaí, amhráin, ceol traidisiúnta, taispeántaisí, scannáin, léamh filíochta.

Bíonn an Leabharlann ag comhoibriú leis an Scríbhneoir Cónaithe agus leis an Rinceoir Cónaithe atá fostaithe faoi scéim na Comhairle Contae. Beifear ag súil leis an obair seo a fhorbairt trína thuilleadh nascanna le h-imeachtaí leabharlainne.

2.13 Staisticí ballraíochta agus úsáide

Seirbhís fáilteach gníomhach atá againn i gCiarraí a bhfuil ardmheas dá réir uirthi.

Is é €12 an táille ar bhallraíocht iomlán, é sin nó rogha córas iasachta ag 30 ceint in aghaidh an leabhair. Ní ghearrtar aon táille ar mhic léinn, ar scoláirí dara leibhéil ná ar na sinsir. Tugadh ar iasacht 331 510 leabhar lelinn 2006.

Ag teacht le polasaí uileghabhálach na Comhairle Contae ní mian linn éinne a chur ó dhoras agus tógadh cinneadh 2005 gan aon airgead a lorg ó Shinsir in aon bhrainse sa Chontae. Is ag teacht leis an dtuairim sin atá an tseirbhís idirlín saor in aisce, mar is iad siúd nach bhfuil sí sa bhaile acu a thagann chugainn á lorg. Tharla 61 977 seisiún idirlín le linn 2006.

Níl an scéal iomlán le léamh ós na figiúirí mar níl aon chuntas iontu orthu siúd a bhuaileann isteach go díreach ag léamh, ar ghrúpaí scoile, ar lucht taighde ná ar chuairteanna ar na bailiúcháin speisialta. I dTrá Lí agus i gCill Airne, mar a bhfuil monatóirí, áirítear breis is 12,000 agus 6,000 cuairt faoi seach in aghaidh na míosa. Moltar sa Phlean seo monatóiri a cur i mbrainsí eile chomh maith.

2.14 Foireann

Ta ardmheas ag an bpobal ar fhoireann Leabharlann Ciarraí.[6] Is fíor go mbíonn 70% den bhfoireann in aon leabharlann ag plé go díreach leis an bpobal; is ar an gcuma a bhíonn ar a dtarlaíonn eatarthu a bhunaítear an caidreamh agus a leagtar síos caighdeán seirbhíse. Ar an iomlán léirigh lucht úsáidte go rabhdar fíorshásta le foireann Leabharlann Ciarraí.

Aontaíodh le déanaí go mbeadh sruchtúr nua foirne faoin gclár náisiúnta Athbhreithniú ar Sheirbhís Leabharlann.[7] Táthar á chur i bhfeidhm faoi láthair mar a leanas.

Líon agus gráid fhoirne i Leabharlann Ciarraí	
1	Leabharlannaí Contae
2	Leabharlannaí Feidhmeannach Sinsear
3	Leabharlannaí Feidhmeannach
3	Leabharlannaí Cunta (Gairmiúil)
3	Leabharlannaí Cúnta (Riarachán)
11	Cúntóir Sinsir Leabharlainne
8	Cúntóir Leabharlainne
3	Oifigigeach Cléireachais
8	Cúntóir Leabharlainne Buan Páirt-aimseartha
1	Cartlannaí
4	Tiománaí/Cúntóir
3	Feighlí
50	**IOMLÁN**

I láthair na h-uaire tá 44 phost lán-aimseartha agus 8 bpost páirt-aimseartha ag a bhfuil idir 10 agus 20 uair a chloig in aghaidh na seachtaine. Tá folúntais againn agus déanfar trácht ar chúrsaí foirne agus ar chaighdeán seirbhíse i gCaibidil 4.

[6] Fch. Suirbhé Lucht Úsáidte Caib. 3 thíos
[7] RCORA Ciorclán RA (P) 07/05

3. Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara

Réamhrá

Is féidir páirtí leasmhar a thabhairt ar éinne, duine aonair nó eagraíocht nó dream pobail, a bhfuil páirt acu in obair na Leabharlainne, bíodh sé/sí mar bhall, ball foirne nó comhairleoir. Caithfear ceann a thógaint sa Phlean seo de thionscnaimh uileghabhálacha agus is iad forbairtí sa ghné seo a bheidh i gceist sa chaibidil seo.

Bhí orainn díriú isteach go beacht ar réimse leathan daoine agus eagraíochtaí éagsúla. Bailíodh agus scrúdaíodh torthaí taighde ón:

- Suirbhé Lucht Úsáidte Leabharlann Poiblí 2002

Ina theannta san, caitheadh an-chuid ama leo seo a leanas;

- An pobal i gcoitinne
- Foireann na Leabharlainne
- Grúpaí Sainspéise

Ciarraí i gcomparáid le meáin náisiúnta

Rinne An Chomhairle Leabharlanna an chéad suirbhé náisiúnta i measc lucht úsáidte 2002. Tugadh ceistneoir do dhaoine le líonadh ag deireadh cuairte. Comhlacht ghairmiúil a bhí oilte i dtaighde margaí a dhearaigh agus a scrúdaigh an suirbhé.

Tugadh PLUS (Public Library User Survey) ar an dtaighde a raibh sé d'aidhm aige dearcadh i leith leabharlann a bhailiú agus a thuiscint. Léargas an-luachmhar ar thuairimí lucht úsáidte a bhí ann gan dabht. Táthar ag smaoineamh ar a leithéid a athdhéanam 2007 chun eolas ar athruithe a bhailiú.

Rinneadh taighde i ngach contae ar leithligh agus fuair na 28 leabharlann faoi údaráis áitiúla a gcuid torthaí féin ar ais.[8]

[8] Public Library User Survey 2002 An Chomhairle Leabharlanna.

Tharla breis agus 1,000 suirbhé i gCiarraí; ba iad Trá Lí (36%), Cill Airne (18%) agus Lios Tuathail (11%) ba bhun le 65% den suirbhé. Is féidir comparáid a dhéanamh leis na meáin náisiúnta maidir leis an bpobal a bheith sásta le seirbhísí agus le h-áiseanna.

Is féidir dúshláin agus ceisteanna a aithint ós na figiúirí, gnéithe a d'aithin páirtithe leasmhara astu féin ina dhiaidh sin. Ar an mórgcóir caithfear mórán daoine óga a mhealladh. Ag seo na torthaí ba shuntasaí:

Aois lucht úsáidte[9]

Aoisghrúpa	**Meán Náisiúnta**	**Ciarraí**
15-19	10%	**6%**
20-24	11%	**6%**
25-34	20%	**17%**
35-44	17%	**27%**
45-54	15%	**21%**
55-64	11%	**13%**
65-74	9%	**8%**
Over 75	6%	**2 %**

Is léir ón dtábla thuas nach ionann próifíl aoise Ciarraí agus an chuid eile den tír ar an meán. Is de réir an phatrúin seo a mheallaimid léitheoirí:

- Fé bhun an mheáin idir 15-19 agus idir 20-24
- Fé bhun an mheáin arís idir 25-34
- Os cionn an mheain ins na grúpaí 35-44, 45-54, agus 55-64.

Le linn an tsuirbhé aithníodh roinnt buanna a bhíonn ag leabharlanna agus rineadh tomhas ar leibhéil sástachta leo. Tá baint go díreach ag na buanna seo le polasaí an Rialtais maidir le forbairt leabahrlanna mar a léiritear é sa tuairisc "Branching Out" a luafar arís i gCaibidil 4 thíos.

[9] Ní raibh éinne faoi bhun 15 bl. páirteach.

Chun maoiniú a mhealladh ó fhoinsí poiblí ní mór na crítéir a leagadh síos i "Branching Out" a shroichint. Rinneadh measúnú ar na buanna seo a leanas:

- Uaireanta oscailte
- Réimse leabhar
- Seirbhísí do Pháistí
- Ríomhairí

Bhí cúntas ar shástacht an phobail ar bhonn náisiúnta idir "Maith nó An-mhaith". Bhí torthaí Ciarraí sásúil go leor seachas do réimse leabhar. Bhí Ciarraí (68%) níos ísle ná an meán náisiúnta (72%); i dTrá Lí agus i gCill Airne ní raibh ann ach 64% agus 61%. Tháinig 50% des na freagraí PLUS ón dá ionad san. Caithfear a rá, áfach, go mba chóir torthaí níós fearr a fháil sa tsuirbhé PLUS Meán Fómhair 2007toisc an caiteachas ar leabhair nua idir 2002-2006 a bheith méadaithe 82.5%.

Moladh agus cáineadh

Fógraíodh trí ócáid comhairliúcháin don phobal mar geall ar an bPlean Forbartha agus tá an téacs in Aguisín 2. Ag na h-ócáidí seo, chuir an Leabharlannaí Contae an t-ábhar i lathair, léirigh an comhairleoir aidhm an Phlean, mhínigh sé cúrsaí cistí agus lorg sé tuairimí faoin seirbhís agus faoi dheiseanna forbartha, mar atá agus mar a bheidh.

Cé nach raibh freastal iontach ar na cruinnithe poiblí, fuarthas tuairimí fiúntacha uathu. I dTrá Lí, mar shampla, labhair ionadaí cumann áitritheoirí ar son mórán eile nach raibh i láthair. B'fhiú go mór na moltaí ar fad a chloisint.

Pointí Ginearálta

Moladh an fhoireann ar son a bheith fáilteach, cabhraitheach agus ar son atmaisféar brainsí áirithe. Is féidir na pointí ginearálta a achoimriu mar a leanas:

Cáineadh

- Ba cheart seanfhoirgintí, 1980í san áireamh, a athchóiriú.
- Níl an leagan amach laistigh oiriúnach in áiteanna.
- Níl bealach isteach do dhaoine atá faoi bhac i ngach aon bhrainse.
- Níl an foirgneamh i dTrá Lí oiriúnach don chúram níos mó.
- Ta laghdú ar líon na mball sinsear a thagann, de dheasca an úsáid idirlín a bheith ag cur isteach orthu.
- Bíonn torann agus mí-chompord i mbrainsí áirithe go mórmhor i lár an lae.
- Níl réimse maith leabhar d'oideachas aosaigh ná don tríú leibhéal.
- B'fhearr an réimse leabhar a fheabhsú seachas síneadh a chur le h-uaireanta oscailte.
- Seirbhís saor in aisce do chách.

Moltaí

- Painéil léitheoirí chun leabhair a mholadh
- Liostaí leabhar molta de réir ábhar éagsúla
- Tuilleadh leabhar dhátheangacha
- Tuilleadh leabhhar a thaitneodh le déagóirí, maraon le h-ábhar sa mheán leictreonach
- Seirbhís níos fearr do scoileanna
- Réimse maith chun tacú le Litearthacht d' Aosaigh
- Leabhair nua a cur i láthair díreach mar a dhéantar i siopaí leabhar
- Nascanna a chruthú idir clubanna leabhar agus na meáin áitiúla
- Taispeántais agus imeachtaí chun cultúr na n- imirceach a léiriú.
- Feabhas ar mhargaíocht agus ar shlite cur chun cinn

Cé gur labhair an comhairleoir ar uaireanta oscaile go speisialta, bhíothas sásta leo seachas cúpla moladh do bhrainsí áirithe; bheadh síneadh i lár an lae agus um thráthnóna oiriúnach in áiteanna. Bíonn Cathair Saidhbhín oscailte tráthnóna amháin ach b'fhearr le muintir na h-áite rogha níos fearr leabhar a bheith acu seachas cur leis an méid sin ama.

Tuairimí Foirne

Caithfear éisteacht le tuairimí na foirne a bhfuil taithí na mblianta acu agus moltaí don todhchaí bunaithe uirthi. Dá bhrí sin rinneadh cúram faoi leith den phróiséas foirne agus caitheadh an-chuid ama leis.

Thug an comhairleoir cuairt ar 6 bhrainse ag lorg eolais; b'iad san Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Cill Orglan, Cathair Saidhbhín agus Baile an Bhuinneánaigh. Pléadh aischóthú ó pháirtithe leasmhara ag cruinnithe eile le bainistíocht comhairle agus leabharlainne araon.

Tharla ceardlann leath-lae chun an fhoireann a roinnt i ngrúpaí oibre agus chun tuairimí a phlé. Ullmhaíodh ráitis misin ina raibh béim láidir ar luachanna agus ar anailís SWOT (Neart, Laigí, Deiseanna, Bagairt). Ar deireadh leagadh síos sraith Aidhmeanna Straitéiseacha agus Gníomhartha dos na sé bliana atá romhainn amach. Fuarthas smaointe ón bhfoireann sinsearach trí chruinnithe agus tríd an ríomhphost.

Tá anailís SWOT anso thíos ach is fiú na gnéithe seo a lua ar dtús:

- Tá cláracha do dhaoine atá ar pinsean ar bun i dTrá Lí, i gCill Airne agus sa Neidín. B'fhiú an tionscnamh uileghabhálach seo a thosú in áiteanna eile.
- Tagann an fhoireann leis an dearcadh náisiúnta gur ionad eolais é an leabharlann a spreagann samhlaíocht trí mheán na léitheoireachta; is í an léitheoireacht atá i gcroílar na h-oibre.
- Tá fadhb ann maidir leis an aoisghrúpa sinsearach mar d'éirigh cuid acu as an leabharlann, áit a dtéidís ag léamh nuachtán agus irisí, de dheasca brú agus torann ó lucht úsáidte idirlín. B'shin toradh diúltach ar an gclár idirlín atá go maith i slite eile.
- Fáiltítear roimh thaispeántais agus imeachtaí eile cultúrtha ach ní mor polasaí cinnte a bheith ann chun iad a shníomh isteach san obair leanúnach léitheoireachta.
- D'fhéadfaí an tseirbhís baile i gCill Airne a leathnú go dtí áiteanna iargúlta agus dóibh siúd nach dtéann amach.
- Is imircigh nua iad 10% den lucht oibre. Caithfear freastal orthu ina dteanga fhéin agus ní mor áiseanna foghlama don Bhéarla a thabhairt dóibh chomh maith.

Anailís SWOT

Is féidir le h-anailís mar seo atá déanta ar an Leabharlann idir Neart, Laigí, Deiseanna agus Bagairt béim a cur ar thosaíochtaí agus léargas a chaitheamh ar na príomhcheisteanna. Ins na táblaí thíos tá achoimre ar thorthaí na h-anailíse.

Bhí na mórphointí céanna i gceist ag foireann agus ag páirtithe leasmhara araon.

Tá an anailís SWOT ar fad ins na leathanaigh seo a leanas.

Neart	**Laigí**
• Scileanna, eolas agus meon dearfa na foirne • Bonneagar agus gréasán ina bhfuil 9 mbrainse • Síneadh le h-uaireanta oscailte • Clár leanúnach tógala • Feabhas ar an stór leabhar • Bailiúcháin stair áitiúla agus cartlanna • 2 Leabharlann Taistil • Seirbhís Leabharlann scoile	• Bac ar bhealach isteach in áiteanna • Tá an caiteachas ar leabhair faoi bhun an íosmhéid náisiúnta • Seirbhís teoranta Scoile • Níl dóthain cúntas ar fáil ar an Idirlíon ins an dá Leabharlann Taistil • Deacrachtaí ionadaíochta i gcás breoiteachta nó saoire • Taraingt ar acmhainní mar gheall ar imeachtaí éagsúla gan choinne • Táille ard ballraíochta mar bhac ar dhaoine áirithe

Deiseanna	**Bagairt**
• Feabhas ar sheirbhísí for-rochtana • Seirbhísí baile do dhaoine críonna agus dóibh siúd nach dtéann amach • Feabhas ar sheirbhísí scoile go mórmhór do scoileanna náisiúnta faoin dtuath, veain eile a fháil b'fhéidir • Athchóiriú ar an mbonneagar • Cartlann agus cúntais ar fáil ar an idirlíon • Feabhas ar chóras digiteach agus idirlín dos na foinsí stair áitiúla • Margaíocht agus cur chun cinn na Leabharlainne • Feidhm a bhaint as preasoifig Comhairle Contae Chiarraí • Nuachtlitir inmheánach chun cur le cumarsáid • Tuilleadh cistí chun leabhair don aos óg a cheannach • Cóipeanna foinsí stair áitiúla a chur go dtí na brainsí • Dul i gcomhar le comhlachtaí mar an Áisíneacht • Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus dreamanna eile oideachais	• Ní bhíonn ciste cinnte le fáil ón gComhairle in aghaidh na bliana • An geilleagar ag dul ar gcúl • Teicneolaíocht nua in áit léitheoireachta nó áis sóisialta na leabharlainne • Níl aon pholasaí faoi spás leabharlainne a úsáid ar bhonn tráchtála • Níl lucht úsáidte idirlín scartha amach ó léitheoirí • Níl aon láthair chiúin chun léamh ná chun machnamh • Baol trioblóidí iompair má bhíonn duine aonair i bhfeighil brainse

Comhairliúcháin le grúpaí speisialta

Is féidir ardleas a bhaint as páirtíocht le h-eagraíochtaí eile. Bíonn an-chuid talamh comónta againn leis na h-earnála ealaíon, oidhreachta agus oideachais.

Ar an dul céanna tuigimid an tábhacht atá le polasaí uileghabhálach an Rialtais maidir leo siúd atá ar imeall na sochaí. Is mó leabharlann a mbíonn cláracha agus imeachtaí acu dóibh siúd a mhaireann faoi mhíbhuntáiste. Leagtar béim ar a leithéid de straitéis sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Mar chuid den Phlean seo againne tharla cruinnithe le comhlachtaí agus le dreamanna éagsúla chun an t-ábhar tábhachtach seo a phlé.

Oidhreacht agus ealaíona

Bíonn an Oifig agus an tOifigeach Oidhreachta de chuid Comhairle Contae Chiarraí ag tacú le h-obair na Leabharlainne i gcónaí. Bheadh sé ciallmhar, mar sin, a bheith ag obair leo ar son leas an phobail.

Ta súil ag an Oifig Oidhreachta deontais ón gComhairle Oidhreachta a bhronnadh le haghaidh caomhnú na

h-oidhreachta i gCiarraí.[10] D'fhéadfaí cúrsaí suimiúla a reachtáil Dé Sathairn b'fhéidir, mar a mbíonn scéalaíocht ar siúl cheana féin nó mar Chlub an tSathairn i Músaem Ciarraí. Moltar i gCaibidil 5 tionscnamh a nascadh leis an Músaem.

Glacfar le Plean Oidhreachta do Chontae Ciarraí 2008-2012 sa bhFómhar 2007 agus anois an t-am chun na cúrsaí seo go léir a phlé leis an Oifig Oidhreachta.

[10] Áireofar an clár deontas seo ins an Plean Oidhreachta Contae Chiarraí atá idir lámha anois.

Oifigeach Ealaíon CCC

Ta cursíos ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar leabharlanna poiblí mar "an bonneagar cultúrtha agus eolais is mó sa stát trí ghréasán 340 brainse agus 30 leabharlann taistil".[11] Toisc nach bhfuil ach cúpla ionad ealaíon sa chontae is minic a úsáidtear leabharlann chun clár ealaíon a reachtáil agus is maith san.

Ta ag éirí go maith linn i gcónaí ar an gcuma san m.sh. leis an dtríú scéim do Scríbhneoir Cónaithe. D'fhéadfaimís ceardlann sa scríbhneoireacht chruthaitheach a reachtáil do pháistí faoin scéim seo.

D'fháiltigh an tOifigeach Ealaíon roimh an gné seo den bPlean agus léirigh spéis san obair chomónta amach anseo.

Is tríd an léitheoireacht agus trí na h-ealaíona a spreagtar samhlaíocht an duine. Tógfar ceann den bhfíric seo i gCaibidil 4 mar a molfar imeachtaí agus cláracha in éineacht leis na rannóga ealaíon agus oidhreachta sa Chomhairle Contae.

Músaem Contae Chiarraí

Cé gurb iad Comhairle Baile Thrá Lí a mhaoiníonn an Músaem déantar iarracht freastal ar an gcontae ar fad. Táthar tar éis gradaim a bhaint amach ann i gcúrsaí taispeántas agus is mór againn an taithí seo a roinntear linn. Arís d'fháiltigh lucht an Mhúsaem roimh an Plean seo agus mholadar na bailiúcháin stair áitiúla.

Táthar ag caint ar bhunachar ar a bhfuil a gcuid déantúsán go léir a chur ar shuíomh idirlín na Leabharlainne ionas go mbeadh teacht ag an bpobal orthu. Mar mhalairt bheadh trealamh agus taithí ar fáil uathusan maidir le taispeántais. D'fhéadfaí dul i bpáirt lena chéile chun taispeantais chomónta a reachtáil. Is féidir maoiniú a lorg ón gComhairle Oidhreachta faoin dteideal Músaem agus Cartlann.

[11] DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools), Bealtaine 2005.

Rapid i dTrá Lí

Bunaíódh Rapid (Revitalising Areas through Planning, Investment and Development) i dTrá Lí 2002 agus rinneadh measúnú dearfach neamhspleách air 2006. Díritear anso ar thrí cheantair

- Seanchill/Rathoonane
- Bóthar na Spa/Eastát Baluanach
- Corrán an Mhistéalaigh/Páirc Naomh Máirtín

Is é is bunús leis an gclár úd ná seirbhísí a chomhordú, a fheabhsú agus cur leo chun córas uileghabhálach a chur chun cinn. Tagann an méid seo le h-obair leabharlainne atá ar siúl cheana féin.

D'fháiltigh lucht Rapid roimh an Plean seo agus roimh an comhairliúcháin. Mhol siad na seirbhísi taistil agus lorg siad athbhreithniú ar na stadanna laistigh de cheantar Rapid. Tugadh cuireadh d'ionadaí leabharlainne a bheith páirteach sa chlár Rapid do Chorrán an Mhistéalaigh agus pléifear an

t-ábhar seo i gCaibidil 4.

Feictear do lucht Rapid go bhfuil leas le baint as aitheantas cultúrtha a scrúdú agus a chur chun cinn, ag brath ar na foinsí láidre staire agus cartlainne atá againn. Cé go mbeadh dúshlán ag baint leis mhol siad tionscnamh ar an gcultúr lucht siúil. Thairg siad traenáil chuige a sholáthar d'fhoireann leabharlainne agus ba mhaith leo cabhrú linn go ginearálta faoi pholasaí ar shochaí uileghabhálach a chruthú.

Coiste Cúram Leanbh Contae Chiarraí

Arís ag fáiltiú roimh an phróiséis, bíonn an Coiste ag gníomhú chun seirbhísí cúram leanbh a fhorbairt, go mormhór don tréimhse réamhscolaíochta. Táid ag cur leabharlann faoi leith le chéile do thuismitheoirí/páistí óga. Táid sásta cabhrú linn chun plean a dhréachtadh maidir le leabhair do pháistí agus le

h-imeachtaí oiriúnacha.

An tIonad Oideachais, Trá Lí

Maraon le 20 ionad eile ar fud na tíre cuireann siad eolas agus traenáil ar fáil maidir le curaclaim agus le siollabais. Lorgaíodh tuairimí múinteoirí ón Ionad. Mhol múinteoirí an tseirbhís scoile agus d'iarradar go gcuirfí na seirbhísí leabharlainne go léir chun cinn trí na scoileanna. Tuigeadh go mbeadh sé costasach na 27 scoileanna dara leibhéil sa chontae a chlúdach sa tseirbhís scoile ach aontaíodh gurbh é seo an córas idéalach.

Seirbhís Oideachais Ciarraí

Táid freagrach as ocht gcinn de scoileanna dara leibhéil sa chontae. Táid freagrach as Oideachas Aosaigh, rud a fhágann go mbíonn siad i dteagmháil le 10% d'aosaigh an chontae in aghaidh na bliana. Toisc go bhfuil siad bainteach le 120 láthair ar fad d'fhéadfaí comhoibriú leo maidir le dul chuig áiteanna iargúlta.

Ta áthas orthu a bheith páirteach sa Phlean. I dteannta leis an Ionad Oideachais lorgaíodar athbhreithniú ar an gcaidreamh leis an earnáil oideachais. D'fhéadfaí an ceangal a fheabhsú agus a chur chun cinn, dar leo. Ní mór áit chinnte teagmhála a bheith ann agus úsáid a bhaint as meáin leictreonacha. Ní mór am agus acmhainní a phleanáil agus a stiúradh. Bheadh cláracha comónta oiriúnach mar léamh filíochta agus scríbhneoirí ar cuairt chun litríocht a phlé le scoláirí.

Leagadh béim ar thuairisc DEIS 2005[12] a luaigh leabharlanna go speisialta mar eagraíochtaí atá in ann cur le sochaí uileghabhálach. Beidh €40 milliún ar an iomlán acu siúd don tionscnamh ar fad. Beidh seans ag leabharlanna acmhainní a lorg faoin scéim seo agus tá trácht acu ar a leithéid seo a leanas:

- Cabhrú le scoileanna i roghnú agus i gceannach leabhair dos na h-aoisghrúpaí difriúla

[12] DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools), Bealtaine 2005.

- Tacú le clubanna iarscoile go h-áitiúil
- Grúpaí léitheoireachta a chothú maraon le seisiúin trína bpléifí litríocht le h-údair
- Comhairle faoi leabharlann scoile idir stór leabhar agus bainistíocht

Comhairle na nÓg i gCiarraí

Bhí an Bord seo sásta plé linn; bhaineadar eolas agus tuiscint as an bpróíséas agus bhí moltaí acu mar a leanas:

- Foireann sóisearach a fhostú, m.sh. i rith an tsamhraidh
- Billeoga dírithe go speisialta ar dhaoine óga, déanta i gcomhar leis an Leabharlann, le meánscoileanna agus leo féin
- Mír mar gheall ar "Meon i leith na h-óige" a bheith sa traenáil d'fhoireann leabharlainne
- Úrscéalta pictiúr agus leabhar suimiúla ná beadh an-éileamh orthu a bheith ar fáil
- Ba cheart rogha níos fearr DVDnna a bheadh bainteach le cúrsaí scoile a bheith ar fáil.

Beidh moltaí cinnte faoi na ceisteanna thuasluaite agus ábhair a bhaineann leo i gCaibidil 5.

4. Athbhreithniú Leabharlann Ciarraí

Réamhrá

Tugtar 12 mhilliún cuairt ar leabharlanna poiblí in Éirinn in aghaidh na bliana agus tá an caiteachas ag méadu de réir a chéile. Léiríonn staisticí na Comhairle Leabharlanna[13] gur mhéadaigh an caiteachas 9.1% i 2006 go breis is €108 milliún agus gur tharla méadú ar an gcaiteachas per capita ó €25.27 go €27.57.

Maidir le h-infheistíocht chaipitil méadaíodh an figiúir seo thar €100 mar thoradh ar thuairisc Rialtais "Branching Out" 1998. Mhéadaigh an caiteachas ar stór leabhar go €12.3 mhilliún - €1.61 per capita i 1998 go €3.15 i 2006.

Maraon le gach aon leabharlann sa tír tháinig méadú ar an méid a chaitheadh i gCiarraí, ba é €3,017,48 an meastachán don bhliain 2006.

Comhthéacs Polasaí Náisiúnta Leabharlann

Comhlahct reachtúil is ea An Chomhairle Leabharlanna, bunaithe ag an Rialtas sa bhliain 1947, chun comhairle a cur ar leabharlanna, chun cabhrú leo, chun comhoibriú a éascú agus chun gníomhartha a mholadh don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Athbhreithniú cuimsitheach ar pholasaí a bhí sa tuairisc úd "Branching Out" 1998 a thóg ceann de dhá pholasaí náisiúnta, sochaí uileghabhálach a chruthú agus leas a bhaint as deiseanna de réir "Sochaí an Eolais".

Ba iad so na príomhcheisteanna a d'éirigh as an dtuairisc:

- Feabhas ar uaireanta oscailte, ar sheirbhísí TE, teacht ag cách ar sheirbhísí agus foghlaim don saol
- Gá le bonneagar sásúil chun go mbeadh leabharlanna páirteach i "Sochaí an Eolais"
- Feabhas ar stór agus ar chaighdeán na leabhar
- Feabhas ar mhargaíocht

[13] "Achoimre ar Mheastacháin Bhliantúla 2006 Údarás Leabharlann Poiblí", An Chomhairle Leabharlanna, 2006

Ba iad so na príomhmholtaí a cuireadh faoi bhráid an Rialtais:

- Infheistíocht ón Rialtas chun bonneagar a fhorbairt
- Cur le sochaí uileghabhálach trí bhacanna ar úsáid a shárú, bídís fisiciúil, sóisialta nó eacnamaíoch.
- Uathoibriú na liostaí leabhar i ngach áit
- Infheistíocht i TE agus breis teacht ar na meáin leictreonacha
- Fadhbanna a réiteach a bhaineann le h-áiteanna iargúlta
- Tuilleadh airgid chun stór a cheanach, íosmhéid per capita méadaithe go €3.27 i 2007
- Síneadh leis na h-uaireanta oscailte

Tógtar ceann ins an Plean des na gnéithe seo go h-áirithe, go mórmhór maidir le sochaí uileghabhálach, le ceannach stór leabhar agus le forbairt bonneagar.

Comhthéacs Polasaí Áitiúil

Aithnítear i bPlean Corparáideach na Comhairle Contae

2005-2009 go bhfuil oidhreacht chultúrtha, seirbhísí eolais agus cuimsiú sóisialta an-thábhachtach agus aidhmeanna straitéiséiseacha á mbeartú. Leagtar béim speisialta ar na spriocanna seo a leanas:

- An timpeallacht nádúrtha i dteannta le h-oidhreacht agus le cultúr Ciarraí a chosaint agus a chaomhnú
- Creat agus bonneagar a sholáthar i leith

  (i) Fás agus forbairt inmharthana tríd an chontae

  (ii) Forbairt oiriúnach réigiúnda

  (iii) Athbheochan bailte, sráidbhailte agus tuaithe

  (iv) Forbairt Shoisialta agus Chultúrtha

- Aidhmeanna maidir le cuimsiú sóisialta a bheith laistigh d'aon phlean nó polasaí i gCiarraí.

Díríonn an Plean seo go mór ar na spriocanna thuasluaite agus tá an méid seo mínithe laistigh des na 9 gcinn d'Aidhmeanna Straitéiseacha agus Gníomhartha atá i gCaibidil 5.

Fás agus athrú sa Chontae

De réir an Daonáirimh 2006 mhéadaigh an daonra sa chontae faoi 5.5% go 139,835. Tá sé de nós ag daoine anois bailiú isteach i mbailte móra, rud a fhágann go mbíonn mórán faoin dtuath a bhíonn uaigneach nó scoite amach óna chéile. Tá

an-athrú tar éis teacht ar riachtanaisí agus ar nósanna maireachtála agus mórán oibre le déanamh mar gheall ar na

h-athruithe. Tháinig feabhas, áfach, ar uaireanta oscailte , ar sheirbhísí lár an lae agus tráthnóna in áiteanna éagsula.

Teacht ar sheirbhísí agus míchumas

Chun Dearbhú Barcelona a chomhlíonadh rinneadh scrúdú inmheánach ar na foirgnimh go príomha maidir le bealach fisiciúil isteach agus aithnítear go bhfuil fadhbanna le réiteach in áiteanna.

Ta Scanóir Optúil i ngach brainse anois dóibh siúd go bhfuil bac amhairc orthu agus tá sé in úsaid ag foghlaimeoirí Béarla freisin. Fuarthas deontas chuige seo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tugadh traenáil don bhfoireann in úsáid na bogearraí cuí.

Tuigtear go gcaithfear feabhas a chur ar an dteacht ar sheirbhísí dóibh siúd a bhfuil míchumas orthu. Lasmuigh den bhealach fhéin isteach, caithfear freastal orthu siúd go bhfuil míchumas amhairc nó éisteachta orthu. I bpáirt leis an Údarás Comhionannais d'fhoilsigh An Chomhairle Leabharlanna tuairisc "Making Access Happen" ar 4 thionscnamh píolótach i leabharlanna údarás áitiúla.

Seirbhísi maidir le Foirgnimh

Mar a léiríodh i gCaibidil 1, tá an bonneagar á fhorbairt mar is cóir. Thiar ins na 1980í, fad is a bhí mórán ag obair, mar atáid fós, i bhfoirgnimh a tógadh sa 19ú h-aois bhi foirgnimh nua á dtógaint i gCiarraí. Is féidir a bheith mórálach as a bhfuil déanta i gCiarraí go dtí seo. Mar ar míníodh, áfach, i gCaibidil 3 tá athchóiriú le déanamh anso is ansiúd. Is féidir a rá, dá bhrí sin, go bhfuil baint ag ceisteanna don todhchaí níos mó le réimse agus le caighdeán seirbhísí ná le cúrsaí bonneagair.

Feabhas ar fhoirgnimh sa mheántéarma

Caithfear dualgaisí a chomhlíonadh de réir an Acht um Mhíchumas 2005, Acht um Stádas Comhionann 200 agus Dearbhú Barcelona ar chearta lucht míchumais. Ag éirí as míshasamh an phobail mar a léiríodh i gCaibidil 2 molann an Plean an méid seo a dhéanamh sa mheántéarma

- Péinteáil laistigh agus lasmuigh má's gá
- Athdhearadh laistigh chun gnéithe éagsula a scaradh óna chéile
- Láthair staidéir ag áiteanna áirithe i mbrainsí
- Fánáin agus ardaitheoirí a chur i mbrainsí ilstór
- Athbhreithniú ar fhógraí leabharlainne
- Cornaí ionduchtaithe dóibh siúd go bhfuil bac éisteachta orthu
- Lipéid i gcló mór dóibh siúd go bhfuil bac amhairc orthu
- Spás páirceála speisialta in aice láimhe
- Bealaí coisithe a bheadh oiriúnach do dhaoine ar mhíchumas a bheith lasmuigh de bhrainsí

Mar is léir ón dtuairisc "Make Access Happen" tá rún daingean ag An Chomhairle Leabharlanna teacht mar is cóir a bheith ag lucht míchumais ar na seirbhísí go léir. Tuigimid anso i gCiarraí go mbeidh breis caipitil uainn chun an méid sin a chur i gcrích.

Moltai náisiúnta agus uaireanta oscailte i gCiarraí

De réir "Branching Out" ba cheart roimh Eanáir 2002, go mbeadh aon leabharlann ag a bhfuil breis is 10 000 ag triall uirthi ar oscailt i lár an lae, Dé Sathairn agus ar a laghad dhá thráthnóna go dtí 8.30 i rith na seachtaine.[14]

Rinne An Chomhairle Leabharlanna suirbhé ar dhul chun cinn 2004 agus d'fhoilsigh siad na torthaí.[15] Fuarthas amach gur tháinig feabhas mór ar an scéal ach go bhféadfaí ar ndóigh tuilleadh a dhéanamh. Ina theannta san moladh go mbeadh síorbhreithniú ar siúl maidir le h-uaireanta agus le cúrsaí foirne chun na

h-aidhmeanna straitéiseacha a chur i bhfedhm.

Ní áirítear spriocanna do láthair bheaga mar braitheann siad ar chiúinsí éagsúla. Is féidir an scéal mar atá i gCiarraí a thuiscint ón dtábla anso thíos:-

Brainse	Ar oscailt lár an lae gach lá oscailte	Dé Sathairn	Dhá thráthnóna
Baile an Bhuinneánaigh	go dtí 1.30	Tá	Níl
Cathair Saidhbhín	go dtí 1.30	Tá	Ceann amháin
Oileán Chiarraí	go dtí 1.30	Tá	Níl
An Daingean	Tá	Tá	Ceann amháin
An Neidín	go dtí 1.30	Tá	Ceann amháin [má tá beirt ar fáil]
Cill Airne	Tá	Tá	Tá
Cill Orglan	Tá	Tá	Níl
Lios Tuathail	Tá	Tá	Tá
Trá Lí	Tá	Tá	Tá

[14] "Branching Out", lch. 48
[15] "Changing the Schedules; a Survey of Public Library Opening Hours", An Chomhairle Leabharlanna, 2004.

Níl ach trí bhrainse a chomhlíonann na moltaí náisiúnta cé go bhfuil An Daingean gar go leor don sprioc. B'fhearr leis an bpobal rogha maith leabhar seachas síneadh a chur le h-uaireanta oscailte, mar is léir ón gcomhairliúcháin. Ar an mórgcóir molann an Plean seo go ndéanfai athbhreithniú ar uaireanta oscailte, patrúin áitiúla á gcur san áireamh.

Caiteachas ar leabhair i gCiarraí

Tá an figiúir seo ag méadú le blianta beaga anuas go dtí €400 000 i 2007. Tá an Chomhairle le moladh faoin mhéadú 9.5% ar 2006. Meadófar arís é ins na meastacháin do 2007. Dá ainneoin sin, áfach, tá caiteachas ar leabhair faoi bhun an íosmhéid a mholtar go náisiúnta. Moladh €3.27 in aghaidh an duine 2004 agus ní chaithimid ach €2.86.

Is léir freisin ó shuirbhéanna atá déanta go bhfuil tábhacht ag baint le rogha maith leabhar a bheith ar fáil. Léirigh suirbhé TSN 2003 ar úsáid leabharlann[16] go bhfillfeadh beagnach 40% díobh siúd a d'éirigh as an leabharlann dá bhfeabhsófaí an stór leabhar.

Deirtear gurb iad na leabhair a choimeádann fuinneamh agus siúl faoi aon leabharlann. Aithnítear chomh maith go bhfuil dúshlán nua ag baint le rogha maith d'fhoghlaimeoirí Béarla agus le h-acmhainní d'inimircigh agus d'iarrthoirí tearmainn. Léiríodh an tuairim seo sa chomhairliúchán poiblí.

Beifear in ann freisin obair a dhéanamh ar son caomhnú teanga na Gaeilge, ábhar atá fíorthábhachtach agus Gaeltachtaí anso sa chontae. Tacófar le cuimsiú sóisialta trí mheán clubanna iarscoile agus acmhainní ilmheánacha do dhéagóirí.

Molann an Plean seo go ndéanfar tréaniarracht ar an sprioc náisiúnta a shroichint maidir le caiteachas ar stór leabhar le linn tréimhse an Phlean.

[16] " A Public Space for All", An Chomhairle Leabharlanna.

Cuimsiú sóisialta

D'éirigh an-chuid moltaí faoin ábhar seo as an gcomhairliúcháin agus tá na gníomhartha molta luaite faoin dteideal Aidhm Straitéiseach 3. D'fhéadfai féachaint ar na pointí seo a leanas a tháinig ón bhfoireann nó ó gníomhaireachtaí poiblí.

- Saorálaithe ag cabhrú le scéimeanna Litearthacht Aosaigh.
- Gníomhaireachtai seachtracha a úsáid chun leabhair a thabhairt chuig daoine nach dtéann amach.

Baineann an moladh faoi sheirbhísí a thabhairt chomh fada le Seanachill i dTrá Li leis an ábhar freisin. Caithfidh athrú teacht ar chomhlachtaí poiblí chun aidhmeanna mar seo a bhaint amach. D'fhéadfaí leabharlann a thógaint as an nua ansiúd ach b'fhéidir go bhfuil reiteach éigin eile ann.

Ma thógtar brainsí ata spleách beidh caipiteal mór i gceist maraon le h-ioncaim leanúnach chun iad a choimeád sa tsiúl. Ní fhéadfaí gníomhú mar sin tríd an gcontae ar fad. B'fhearr go mór fabhas a chur ar na Leabharlanna Taistil, ceann amháin b'fhéidir a stopfsd go minic ar an slí, le rogha difriúil seachas mar atá faoi láthair iontu.

Samhail solúbtha ag oibriú

Sheol Leabharlann Ciarraí tionscnamh "Rapid Readers" Márta 2007 ag an Ionad Acmhainní Teaghlach i Seanachill. Samhail maith is ea é don chontae. Mar seo leanas a dhéantar:

- Stopann an Leabharlann Taistil níos minicí
- Tugann an Seirbhís Scoile leabhair do ghrúpai pobail a bhí roghnaithe go speisialta dóibh.
- Bíonn an Scríbhneoir cónaithe ag obair sa cheantar
- Cuirtear rogha samplach leabhar sa naíolann
- Bíonn comhoibriú ar siúl le naionraí
- Tacaíonn an Leabharlann le clubanna iarscoile ina ndéantar obair bhaile

As seo amach táthar ag súil le bheith ag obair in éineacht le hIompar Pobail Ciarraí maidir le seachadadh leabhar ag pointí aitheanta. Buntaiste ab ea é dá stadadh an Iompar Pobail ag na brainsí tríd an chontae. Bheadh caiteachas ar leabhair i gceist ar ndóigh maidir leis na moltaí seo go léir.

Táilli ballraíochta

Is é €12 an táille ar bhallraíocht iomlán, é sin nó rogha córas iasachta ag 30 ceint in aghaidh an leabhair. Ní ghearrtar aon táille ar pháistí, ar mhic léinn (dara leibhéil san áireamh) ná ar na sinsir. Ta an tseirbhís idirlín saor in aisce. Gearrtar táillí ísle ar fótachóipeáil agus ar chóipeanna clóite ó mhicreascannán.

Bailítear thart ar €30 000 in aghaidh na bliana ós na táillí úd.

(Faightear €10 000 ó fhíneála). Is deacair am riaracháin a mheas ins na cúrsai seo. Ta na Leabharlanna i Sligeach agus sa Mhí, mar shampla, tar éis táillí a chaitheamh amach ar fad. Seans maith go maith chóir dúinn smaoineamh ar a leithéid a dhéanamh freisin agus ráiteas láidir a thabhairt faoin gcuimsiú sóisialta agus faoin seirbhís don phobal. Molann an Plean go smaoineofaí ar an gcóras seo.

Seirbhísi do dhéagóiri

Is dúshlán mór é gan dabht spéis agus samhlaíocht déagóirí a mhúscailt. Ní hí an léitheoireacht is fearr leosan ná le páistí de ghnáth sa lá atá inniu ann agus a liacht caithimh aimsirí eile a bhíonn ós a gcomhair. D'fhéadaí iarracht a dhéanamh trí thionscnaimh agus deiseanna mar Seachtain na Leabhar do Pháistí.

Bíonn ardscileanna acu sa teicneolaíocht agus is féidir a bhfuil uathu a fháil ar an ríomhaire. Táid oilte ins na meáin leictreonacha agus compordach leo. Ta leabharlanna a bhaineann leas as seo agus a chuireann a leithéid ar fáil dóibh.

Bunaíodh Ionad Foghlama i nDún Dealgan 2003[17]. D'fhéadfaimis aithris a dhéanamh orthu. Dírítear ar mhúineadh agus ar fhoghlaim san Ionad seo agus é d'aidhm acu freastal orthu siúd atá ar an imeall.

Bíonn imeachtaí do dhéagóirí i gCo. Na Mí[18] go h-áirithe do scoláirí na hIdirbhliana i gCill Déagláin. Tá a gcúinne féin acu; tá an bhéim ar iad a mhealladh isteach, iad a cur ar a gcompord agus ina dhiaidh sin na leabhair agus na h-acmhainní a thaispeáint dóibh.

[17] Buíochas leis an Leabharlannaí Contae Ann Ward agus le Alan Hand atá ag feidhmiú mar Leabharlannaí Cúnta as an eolas.
[18] Buíóchas le Mary Murphy, Leabharlannaí Feidhmiúcháin, Co na Mí

Fuarthas urraíocht ó bhialann áitiúil do bhailiúcháin speisialta. Chabhraigh na scoláirí id trbhliana ón bPobalscoil i roghnú na leabhar pictiúr mar Spiderman, Batman, Flash Gordon, Dan Dare x-Men agus a leithéid. Tá roinn do leabhair ghrinn ina bhfuil na "Simpsons", rannóg ficsean eolaíochta m.sh. "Star Wars" agus "Star Trek". D'éirigh go thar barr leis an smaoineamh seo agus leanfar leis in aghaidh na bliana. Léirigh dream ón Ógtheagmháil spéis i míreanna a roghnú don láthair déagóirí.

Tá a fhios againn ón suirbhé PLUS a luadh in alt 3.1 go bhfuilimid fé bhun an mheáin anso i gCiarraí ins na h-aoisghrúpaí 15-19 agus 20-24.

Molann an Plean go ndéanfaí iarracht ar láthair a chruthú go speisialta i dtreo déagóirí ins na brainsí móra; bheadh ábhar agus acmhainni iontu chun iad a mhealladh.

Seirbhísí Leabharlann Pobail i gCiarraí

Thosaigh seirbhís píólótach i gCill Airne dóíbh siúd nach dtéann amach, atá teanntaithe sa bhaile ar chúis amháin nó ar chúis eile. D'imigh leabharlannaí sa veain chun leabhair no dioscaí a sheachadadh agus a bhailiú sa bhaile mór agus sa dúthaigh máguaird. Níorbh acmhainn dúinn an scéim seo a scaipeadh ar fud an chontae agus na gnáthsheirbhísí taistil a sholáthar ag an am gcéanna.

Ta a leithéid de scéim i gCathair Chorcaí agus forbairt ag teacht uirthi dá réir. Caitear €52 000 in aghaidh na bliana uirthi seo agus tá siad sásta comhairle a chur orainn.[19] Molann an Plean go bhféacfar ar na féidirtheachtaí i dtreo seirbhís a cur ar fáil.

Rud amháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ná bailiúcháin leabhar a thabhairt ar bhonn sealaíochta chuig Ionaid Pobail agus Acmhainní i gceantair a bhfuilimid ag freastal orthu cheana agus i gceantair eile nach iad.

Caithfimid páirtithe i measc gníomhaireachtaí ins na h-earnála sláinte agus pobail a aithint chun an réimse oibre seo a fhorbairt i limistéir tuaithe.

[19] Ba é Liam Ronayne, Leabharlannaí Cathair Chorcaí a thug an t-eolas dúinn. Is í Sinéad Feely bainisteoir na scéime agus beidh sí toilteanach mioneolas a thabhairt.

Seirbhís ardchaighdeáin ón bhfoireann

Ag éirí as forbairtí náisiúnta tá struchtúir nua foirne againn. Beidh tuilleadh athruithe le déanamh má táimid chun leabharlanna a bheith againn i gCathair Saidhbhín agus in Oileán Chiarraí agus ar ndóigh beidh tionchar ag na cinni seo ar uaireanta oscailte.

Ta géargha le painéal a bhféadfaimís glaoch orthu chun ionadaíocht a dhéanamh i gcás saoire bliantúla nó breoiteachta agus i gcás traenáil rialta a bhaineann le 30 ball foirne. Fadhb dos na brainsí beaga is ea a lethéid mar caitear an leabharlann a dhúnadh ó am go chéile. Laghdaítear an caighdeán seirbhíse dá dheasca.

Caithfear cuimhneamh freisin go bhfuil bac ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí (2007), cé go bhfuarthas foireann breise i nGaillimh agus i gCille Manntáin. Caithfear a aithint sa chomhthéacs seo nach maith an córas é ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, duine aonair a fhágaint leis/léi féin i leabharlann beag. Dhéantai é seo le blianta ach níl sé oiriúnach sa lá ata inniu ann.

Seirbhís a leathnú agus a comhordú

Tá scóp againn i ngréasán Ciarraí chun réimse imeachtaí poibli a reachtáil. Baineann a leithéid leis na h-ealaíona agus le

h-oidhreacht. Is féidir a dhearbhu go n-éiríonn go maith leo agus go mbíonn éileamh orthu; cabhraíonn na h-oifigigh linn sa chontae atá oilte ins na réimsí úd.

Bíonn brú ar spás, áfach agus dá bhrí sin bíonn pleanáil i gceist chun cothromaíocht a choimeád ins an obair seo. Bíonn gá le comhoibriú idir rannóga éagsúla laistigh den gComhairle. Molann an Plean go mbunófaí painéal a mbeadh an cúram san orthu.

D'fhéadfaí ioncaim a thuilleamh dá ndíolfaimís obair ealaíne i dtaispeántais. Lorgaíonn comhlachtai poiblí coimisiún 20% de ghnáth ar dhíolacháin ealaíne cé go n-iarrann lucht tráchtála a dhá oiread nó a thrí oiread san arís; é sin nó cíos áirithe a shocrú a chlúdódh am breise agus forchostais. Molann an Plean i gCaibidil 5 go scrúdófaí an gné seo go h-áirithe maidir le treoir a fháil i gcúrsai taispeántas, idir roghnú ábhar agus

minicíocht.

Comhaontú agus conclúid

Ta tuairimí foirne, pobail agus páirtithe leasmhara pléite ins na caibidlí thuas. Is léir go bhfuil comhaontú eatarthu maidir leis an mbóthar atá romhainn. Molfar gníomhaíochtaí i gCaibidil 5 ach is fiú anois anso achoimre a dhéanamh ar na príomhcheisteanna.

Maoiniú

- Ta an buiséad incurtha le h-údaráis eile ach laistigh den mbuiséad ní h-acmhainn dúinn puinn imeachtaí nó taispeántais a reachtáil.

Leabhair

- Caithfear breith suas ar an gcaiteachas náisiúnta maidir le ceannach leabhar in aghaidh na bliana.
- Caithfidh páirtithe leasmhara in éineacht leis an bhfoireann féachaint chuig stór ábhar do pháisti agus do dhéagóirí.
- Beidh stór oiriúnach de dhíth ar inimircigh i gCiarraí.

Foirgnimh

- Tá bonneagar fairsing againn agus ardmheas air ach beidh athdhearadh le déanamh maidir le leagan amach i mbrainsí atá sean go leor.
- Níl teacht ar gach brainse ag lucht míchumais; caithfear an fhadhb seo a cur i gceart.
- Toisc go guireann lucht idirlín isteach ar léitheoirí caithfear na gnéithe éagsúla a scoitheadh óna chéile.

Cuimsiú Sóisialta

- Creidimid sa chuimsiú sóisialta mar is léir ón mballraíocht saor in aisce do pháistí, do mhic léinn agus do shinsir. Ní ghearrtar aon táille ach oiread ar úsáid idirlín.
- Ba cheart an tseirbhís baile a leathnú amach chomh maith.
- D'fhéadfaí aithris a dhéanamh in áiteanna eile ar an dtionscnamh Rapid Reader atá i Seanachill.

Ballraíocht

- Leirigh PLUS nach bhfuil dóthain léitheoiri óga againn i gcomparáid leis an meán náisiúnta.
- Ba cheart smaoineamh ar fháil réidh le táillí ar fad do chách.

Cláracha nua

- Comhoibriú le h-oifigigh ealaíon agus oidhreachta chun seirbhís níos fearr a sholáthar don phobal.

Polasaí

- Tá polasaithe nua le réiteach maidir le cláracha cultúrtha agus le taispeántais, le córas digiteach, le h-oidhreacht scríofa agus le cuimsiuú sóisialta.

Oscailt

- Táthar sásta ar an mórgcóir le h-uaireanta oscailte, ach d'oirfeadh breis ama i lár an lae nó tráthnóna do bhrainsí áirithe.

Foireann

- Moladh an fhoireann go h-ard sa tsuirbhé PLUS agus le linn comhairliúcháin.
- Caithfidh foireann cháilithe a bheith mar cheannairí i mbrainsí nua.
- Tá painéal de dhíth a nglaofaí orthu chun ionadaíochta, ionas nach mbeadh bearnaí sa tseirbhís.

Treoracha náisiúnta caighdeán

Leagfar síos i gCaibidil 5 aidhmeanna straitéiseacha dos na 6 bliana atá romhainn amach. Más féidir iadsan a cur i gcrích comhlíonfar na treoracha náisiúnta faoi chaighdeán seirbhíse. Léireofar i gCaibidil 5 chomh maith an tionchar a bheidh ag na h-aidhmeanna ar chúrsai airgeadais.

5. Na 6 bliana atá romhainn: 2007-2012

Réamhrá

Clúdaíonn an Plean seo na 6 bliana atá romhainn agus leagann síos prionsabail i dtreo feidhmiú na Leabharlainne don tréimhse sin. D'eascair siadsan as plé agus ó thuairimí a fháil ón bpróiséas comhairliúcháin, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara mar atá i gCaibidil 3 agus ón Athbhreithniú atá i gCaibidil 4.

Baineann na h-aidhmeanna le príomhchúraimí na Leabharlainne agus leis an obair lárnach.

Luaitear gníomhartha freisin, tograí sa ghearrthéarma a éiríonn as na h-aidhmeanna.

Misean agus luachanna

Tar éis é a phlé leis an bhfoireann agus le bainistíocht shinsir, moltar an ráiteas misin seo a leanas chun sinn a threorú sa todhchaí

Seirbhís nua-aimseartha, sofhreagrach agus cuimsitheach a sholáthar a bheidh ionraic le cách, a bheidh in ann léitheoireacht a chothú, eolas a sholáthar agus a thacóidh le cultúr, le caithimh aimsire agus le h-oideachas.

Is iad na luachanna seo a leanas atá mar bhunús an mhisin

- Cuimsiú
- Proifisiúntacht
- Fáilte
- Sofhreagracht
- Teacht orainn ag cách
- Eolas

Tagann na luachanna san le misean na Comhairle Contae agus beidh siad mar threoir do thréimhse an Phlean seo. Is é seo ráiteas misin Comhairle Contae Chiarraí

Tacaíonn Leabharlann Ciarraí leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) ata á fhorbairt sa Chomhairle Contae. Ar an gcuma san táimid ag tacú le pleanáil, le bainistiú agus le forbairt cumas na foirne agus táimid ag aontú le pleananna forbartha laistigh den Chomhairle.

Maoiniú an Phlean

Ni féidir in aon chor an Plean seo sé bliana a chur i bhfeidhm gan breis airgid ins na cistí.

Tarlóidh cuid des na moltaí laistigh des na h-acmhainni atá le fáil againn faoi láthair. Beidh breis acmhainní ag teastáil chomh maith chun fadhbanna agus ceisteanna áirithe a réiteach agus chun deiseanna a chruthú.

Na h-aidhmeanna straitéiseacha

Is iad seo a leanas na h-aidhmeanna straitéiseacha a pléadh trí chomhairliúcháin. Ni féidir cuid acu a chomhlíonadh gan tuilleadh airgid agus foirne a bheith ar fáil dúinn.

Caighdeán beatha an phobail agus chuairteoirí a fheabhsú tríd dul chun cinn cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta a éascú i slí atá iniatach, comhtháite agus inbhuanaithe don timpeallacht.

Aidhm Straitéiseach 1

Léitheoireacht a chothú agus a chur chun cinn.

Aidhm Straitéiseach 2

Bonneagar a fheabhsú agus a fhorbairt.

Aidhm Straitéiseach 3

Seirbhísi níos fearr dóibh siúd atá ar an imeall.

Aidhm Straitéiseach 4

Acmhainn don óige agus do pháistí.

Aidhm Straitéiseach 5

Cláracha cultúrtha, ealaíon agus oidhreachta.

Aidhm Straitéiseach 6

Cur le caomhnú teanga na Gaeilge.

Aidhm Straitéiseach 7

Cartlann stair agus oidhreacht áitiúla ar fáil.

Aidhm Straitéiseach 8

Margaíocht agus cur chun cinn.

Aidhm Straitéiseach 9

Creat bainistíochta a fhorbairt.

Táscairi feidhmíochta

Ta táscairi ann chun bainistíocht seirbhíse a éascú. Ligeann siad dúinn an dul chun cinn a mheas de réir na spriocanna atá leagtha síos againn don seirbhís. Ní spriocanna iontu fhéin iad ach slite chun torthaí a mheas.

Ta táscairí náisiúnta ann a bhaineann linn. I measc 42 táscaire, atá leagtha síos ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'údaráis áitiúla, ta 5 chinn a bhaineann le Leabharlanna. Ag seo tábla a dheanann achoimre orthu agus a ligfidh do leabharlann a cuid oibre a thomhas de réir na spriocanna atá luaite sa tuairisc "Branching Out".

Táscairí Feidhmíochta do Leabharlann Ciarraí
Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine i leabharlanna, bídís lánaimseartha nó páirtaimseartha
Líon ball cláraithe mar chéatadán de dhaonra na h-áite
Méid rudaí tugtha ar iasacht in aghaidh an duine (a) ó thaobh leabhar de agus (b) ó thaobh rudaí eile
Céatadán leabharlann a bhfuil an idirlíon ar fáil iontu
Méid seisiún idirlín a tharla in aghaidh 1 000 duine

I Leabharlann Ciarraí úsáidtear na táscairí úd chun feidhmíocht a mheas. Le h-imeacht aimsire d'fhéadfaí smaoineamh ar tháscairi eile nár úsáideadh fós.

Monatóireacht agus athbhreithniú

Is Plean 6 bliana é seo agus beidh gá le h-athbhreithniú rialta, ar a laghad in aghaidh na bliana. Beidh an tuairisc scríofa mar chuid de thuairisc bhliantúil Comhairle Contae Chiarraí.

I rith na bliana tharlódh go mbeadh gá le h-athbhreithniú ar ghníomhartha thábhachtacha tar éis 3 mhí nó 6 mhí. D'fhéadfaí dul chun cinn agus fadhbanna a phlé agus a mheas, ag tagairt don Phlean i gcónaí. Moltar go seolfaí torthai athbhreithnithe tríd an r-phost chuig gach ball foirne.

Aidhm Straitéiseach 1

Léitheoireacht a chothú agus a chur chun cinn

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. An íosmhéid náisiúnta do cheannach leabhar €3.27 in aghaidh an duine a shroichint de réir a chéile		X	X	X	X	X
2. Acmhainní d'fhoghlaimeoirí Béarla a leathnú	X	X	X	X	X	X
3. Stór leabhar oiriúnach a sholáthar d'inimircigh	X	X	X	X	X	X
4. Athbhreithniú ar uaireanta oscailte	X	X	X	X	X	X
5. Forbairt léitheoirí tri Chlubanna Leabhar agus trí chlár cultúrtha	X	X	X	X	X	X
6. Iarracht ar fháil réidh le táillí	X	X	X	X	X	X
7. Feabhas ar acmhainní ilmheánacha, go h-áirithe do pháisti agus do dhéagóirí	X	X	X	X	X	X
8. Liostaí leabhar agus taispeántais a fhorbairt	X	X	X	X	X	X
9. Traenáil leanúnach don bhfoireann ar fhorbairt léitheoirí	X	X	X	X	X	X
10. Obair leanúnach ar siúl ag an ngrúpa Roghnú Leabhar	X	X	X	X	X	X

Aidhm Straitéiseach 2

Bonneagar a fheabhsú agus a fhorbairt

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Forbairt ins na brainsí spleácha a athbhreithniú	X	X				
2. Brainse a oscailt in Oileán Chiarraí 2007	X					
3. Plean Bhaile Ráth Mhór a scrúdú i dtreo seirbhísí leabharlainne a fheabhsú	X	X				
4. An togra Céim 11 i gCathair Saidhbhín a chur cun cinn	X					
5 Veain nua a fháil don Seirbhís Scoile	X	X				X
6. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhrainsí chun an leagan amach a shocrú ionas nach mbeidh gnéithe ag cur isteach ar a chéile; athchóiriú ar an gcuma atá orthu laistigh	X	X	X	X	X	X
7. Comhlíonadh Dearbhú Barcelona a éascú agus moltaí a cur i gcrích dá réir	X	X	X	X	X	X
8. Forbairt ins na brainsí spleácha a athbhreithniú						

Aidhm Straitéiseach 3

Seirbhísí níos fearr dóibh siúd atá ar an imeall

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. An tSeirbhís Baile a choimeád i gceantar Chill Airne	X	X	X	X	X	X
2. Deiseanna a lorg chun an tSeirbhís Baile a leathnú amach go dtí ceantair eile	X	X				X
3. Polasaí a ullmhú maidir le cuimsiú sóisialta i gcomhar le RAPID		X	X			
4. Duine amháin a bheith freagrach as comhordú sa ghné seo den obair		X	X	X	X	X
5. Acmhainní teangacha iasachta a sholáthar mar beidh gá leo ag an bpobal a thagann chugainn ó thíortha eile san 21ú aois	X	X	X	X	X	X
6. Bileoga eolais a aistriú agus a scaipeadh ins na mórtheangacha a bhíonn á labhairt ag na h-inimircigh i measc an phobail			X	X	X	X

Aidhm Straitéiseach 4

Acmhainn don óige agus do pháistí

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Athbhreithniú ar an Seirbhís Scoile		X	X			
2. An gréasán Leabharlainne a chur chun cinn i measc údarás scoile agus traenáil foirne	X	X	X	X	X	X
3. Clár rialta, mar acmhainní speisialta agus údair ar cuairt, a fhorbairt i gcomhar le IOC agus leis an Oifig Ealaíon	X	X	X	X	X	X
4. Imeachtaí litríochta a fhorbairt i gcomhar le Scríbhneoir Cónaithe	X	X	X	X	X	X
5. Taispeántais ábhar oiriúnach ins na brainsí sóisearacha	X	X	X	X	X	X
6. Leathanach do pháistí ar an suíomh Idirlín a bheadh éasca le tuiscint		X	X			
7. Duine amháin freagrach as seirbhísí agus imeachtaí do dhaoine óga agus do pháistí		X				
8. Tacú le clubanna iarscoile trí acmhainní a thabhairt dóíbh		X				
9. Réimse agus caighdeán ábhar ilmheánach a feabhsú i dtreo riachtanaisí déagóirí	X	X	X	X	X	X

Aidhm Straitéiseach 5

Cláracha cultúrtha, ealaíon agus oidhreachta

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Polasaí a fhorbairt maidir le h-imeachtai agus le gníomhaíochtaí cultúrtha	X	X				
2. Painéal chun dul i gcomhairle agus chun pleanáil ins na réimsí seo	X					
3. I gcomhar le h-oifigigh Comhairle Contae Chiarraí, clár bliantúil Ealaíon agus Oidhreachta a leagan amach	X	X	X	X	X	X
4. Páirt leanúnach a cinntiú i Seachtain na Gaeilge, Seachtain Náisiúnta Oidhreachta, Seachtain Eolaíochta agus Féile na Bealtaine	X	X	X	X	X	X
5. Taispeántais a reachtáil a mbeadh éileamh áitiúil orthu; d'fhéadfaí maoiniú a fháil b'fhéidir ón Oifig/Comhairle Oidhreachta		X	X	X	X	X

Aidhm Straitéiseach 6

Cur le caomhnú teanga na Gaeilge

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Cinntiú go bhfuil stór leabhar nua–aimseartha as Gaeilge ins na seirbhísí ar fad	X	X	X	X	X	X
2. Seirbhís as Gaeilge, go mórmhór sa Ghaeltacht	X	X	X	X	X	X
3. Deiseanna traenála don bhfoireann go h-áirithe sa Ghaeilge labhartha	X	X	X	X	X	X
4. Cur le bailiúcháin speisialta ábhar as Gaeilge	X	X	X	X	X	X

Aidhm Straitéiseach 7

Cartlann stair agus oidhreacht áitiúla ar fáil

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Teagmháil leanúnach le h-institiúidí náisiúnta cultúrtha	X	X	X	X	X	X
2. Polasaí faoi chóras digiteach d'fhoinsí stairiúla a bhaineann le Ciarraí		X	X			
3. Córas digiteach agus teacht ar líne ar na foinsí céanna		X	X	X	X	X
4. Páirt ghníomhach a glacadh sa tionscnamh náisiúnta "Ask About Ireland" i gcomhar leis an earnáil oideachais	X	X	X	X	X	X
5. Ról na Leabharlainne mar choimeádaí "cóip deireanach" a dhaingniú	X	X	X	X	X	X
6. Cur leis an mbailiúchán atá againn d'oidhreacht scríofa Ciarraí idir lámhscríbhinní, priontaí, grianghrafanna, léarscáileanna agus cartlanna	X	X	X	X	X	X
7. Seilfanna rollta do bhailiúcháin speisialta agus do chartlanna	X	X				
8. Polasaí Ceannaithe d'oidhreacht scríofa Ciarraí, le ciste seachtrach b'fhéidir			X	X		

Aidhm Straitéiseach 8

Margaíocht agus cur chun cinn

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Aitheantas corparáideach a aontú don Leabharlann mar chuid den bhforbairt nua íomhá	X	X				
2. Bileoga margaíochta a thabharfaidh eolas ar na seirbhísí a dhearadh, a dhéanamh agus a scaipeadh	X	X	X	X	X	X
3. Agus an íomhá nua in úsáid, fógraí agus comharthaí a bheith ag gach brainse	X	X	X			

Aidhm Straitéiseach 9

Creat bainistíochta a fhorbairt

Gníomhartha	2007	2008	2009	2010	2011	2012
1. Nuachtlitir foirne a fhoilsiú sé h-uaire in aghaidh na bliana	X	X	X	X	X	X
2. Athbhreithniú ar líon foirne ag brainsí nua	X	X	X			
3. Painéal ionadaíochta chun saoire breoiteachta nó traenála a chlúdach		X				
4. Deiseanna traenála don bhfoireann ar bhonn rialta	X	X	X	X	X	X
5. Treoracha cúram custaiméirí a leagadh síos		X	X			
6. Obair foirne agus úinéireacht chorporáideach a fhorbairt trí chruinniú iomlán a thionól 3 h-uaire in aghaidh na bliana			X			X
7. Traenáil a bhuil gá ag an bhfoireann léi a thabhairt ar an láthair oibre	X	X	X	X	X	X
8. An struchtúr nua faoin gclár Branching Out a chur i bhfeidhm, struchtúr atá aontaithe idir An Chomhairle Contae agus na Ceardchumainn	X	X				
9. Obair foirne a fhorbairt go h-áirithe i gcúrsai bainistíochta	X	X	X	X	X	X

10. Duine sinsearach a bheith freagrach as TE a fhorbairt	X					
11. Táscairí feidhmíochta a fhorbairt a bheidh oiriúnach do réimse leathan seirbhísí	X	X	X			
12. Meaisíní chun úsáid a thomhas a bheith i ngach brainse		X	X			
13. Agus an Plean mar fhíoraí, Athbhreithniú Bliantúil a ullmhú do Chomhairle Contae Chiarraí	X	X	X	X	X	X
14. Polasaí Bailiúchán a fhorbairt			X	X		
15. Páirt a glacadh i Suirbhé PLUS 2007	X					

Aguisín 1 Comhairliúcháin Déanta

Lorgaíodh tuairimí ó thrí ghrúpa go príomha mar pháirtithe leasmhara

- Foireann agus bainistíocht
- An pobal
- Grúpaí agus comhlachtaí sainspéise

Foireann agus bainistíocht

Tharla cuairteanna eolais ar 6 bhrainse agus ar an gceannáras chomh maith le ceardlann foirne. Bailíodh an-chuid tuairimí agus moltaí ar an gcuma san maraon le raidhse sonraí agus eolais.

Bhí cruinnithe ag an Leabharlannaí le foireann sinsearach chun torthaí a bhailiú agus chun aischothú ó chomhairliúcháin eile a phlé. Fuarthas tuairimí tríd an r-phost freisin.

Fuarthas tuairimí na Comhairle Contae ag cruinniú leis an Stiúrthóir Seirbhísí.

Fuair an CPS tuairisc ó bhéal i dtús Mí na Nollag.

An Pobal

Fógraíodh go mbeadh deis ag daoine, líon mór na mball san áireamh, smaointe a nochtadh ar thrí ócáid mar a leanas:

Tá téacs na bhfógraí in Aguisín 3. Cuireadh preasráitis amach, bhí an

t-eolas ar an idirlíon againne agus ag an gComhairle agus cuireadh fógraí ins na nuachtáin.

Lucht Sainspéise a bhí páirteach sa phróiséas

Clár RAPID Trá Lí

Oifig Oidhreachta Comhairle Contae Chiarraí

Oifig Ealaíon Comhairle Contae Chiarraí

An Chomhairle Leabharlanna, Baile Átha Cliath

An tIonad Oideachais, Trá Li

Kerry Action for Development Education

Comhairle na nÓg Ciarraí

Aguisín 2 Téacs poiblíochta don Chomhairliúcháin Poiblí

Leabharlann Ciarraí

Cuireadh chun Comhairliúcháin Poiblí

Tá clár forbartha 6 bliana, as seo go 2012, idir lámha ag an Leabharlann faoi láthair. Beidh deis agatsa do thuairimí a nochtadh mar a leanas-

- Leabharlann Cill Airne, Luain, 4 Nollaig 4.00 i.n.
- Leabharlann Trá Lí, Máirt, 5 Nollaig 6.00 i.n.
- Leabharlann Cathair Saidhbhín, Céadaoin, 6 Nollaig 3.00 i.n.

Is é comhairleoir neamhspleách atá ag obair ar an bPlean a bheidh mar Chathaoirleach ag na cruinnithe.

Beidh foireann leabharlainne i láthair agus fáilteofar roimh chách.

Aguisín 3 Baill an Choiste Polasaí Straitéiseach: Pobal, Cultúr agus Turasóireacht

An Comh. Robert Beasley, "Puicin", Doon Rd., Baile an Bhuinneánaigh

An Comh. Norma Foley, St Joseph's Guesthouse, 2 Staughton's Row, Trá Lí

An Comh. Thomas Sheahan, East End. An Ráth Mhór

An Comh. Pat McCarthy. Maglass. Baile Mhic Uileagóid, Trá Lí

An Comh. Niall Botty O'Callaghan, Kilbrean Beg, Cill Airne

Cáit Uí Choileáin, Baile an Rannaig, Baile an Fhirtéaraigh, Trá Lí

Mairéad Lynch, South West Kerry Women's Association, O'Connell Centre, Cathair Saidhbhín

Andrew McCarthy, SIPTU, Connolly Hall, Sráid na Carraige, Trá Lí

Aguisín 4 Buíochas

Táim thar a bheith buíoch des na daoine seo a leanas a chabhraigh leis an bPlean trí chomhfhreagras nó trí chruinnithe:

Cruinnithe

John Breen, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chiarraí
Catherine Callaghan, Coiste Cúram Leanbh Contae Chiarraí, Trá Lí
Caitríona Ní Chullota, Stiúrthóir An tIonad Oideachais. Trá Lí
Margaret Godley, Seirbhís Oideachais Ciarraí
Una Cosgrave-Hanley, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chiarraí
Kate Kennelly, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Chiarraí
Helen O'Carroll, Comeádaí Músaem Chontae Chiarraí
Ann O'Dwyer, RAPID, Trá Lí
Barney O'Reilly, POF Seirbhís Oideachais Trá Lí

Comhfhreagras, r-phost, teileafón

Alun Bevan, Oifigeach Taighde, An Chomhairle Leabharlanna
Alan Hand, Leabharlannaí Cúnta, Leabharlann Contae Lú
Norma McDermott, Stiúrthóir, An Chomhairle Leabharlanna
Mary McGillycuddy, Kerry Action for Education Development
Marion Quinn, An Áisíneacht Fháilte agus Comhtháite, Baile Átha Cliath
Liam Ronayne, Leabharlannaí Cathair Chorcaí
Brendan Teeling, An Chomhairle Leabharlanna
Ann Ward, Leabharlannaí Contae Lú
Joan Ward, An Chomhairle Leabharlanna

Creidiúintí

Buíochas ar leith d'fhoireann Leabharlann Ciarraí as an méid a chuireadar leis an bPlean seo. Buíochas speisialta chomh maith leis an Leabharlannaí Contae, Tommy O'Connor agus leis an fhoireann shinsearach aige, Michael Costello, Seamus Dowling, Ann Ferguson, Ann Fitzgerald agus Mary Murray a d'fhreagair ceisteanna, a thug eolas agus aischothú dom agus a bhronn saineolas agus moltaí de réir mar a tháinig forbairt ar an bplean.

Aguisín 5 Eolas Teagmhála

Tommy O'Connor

Leabharlannaí Contae

Leabharlann Ciarraí

Tobar Máigh Doire

Trá Lí www.kerrylibrary.ie

Leabharlannaithe Feidhdmiúcháin:

Seamus Dowling

Ann Fitzgerald

Mary Murray

Seirbhís Stair Áitiúla:

Michael Costello

Leabharlann Trá Lí:

Ann Ferguson